



Bailiúchán Náisiúnta Uirlisí Music Network

(Scéim Caipitil Ceoil 2024 - Dámhachtain 4, do théadcheoltóirí clasaiceacha)

Treoirínte d'iaratasóirí

Dáta deiridh d'iaratais: 2pm Dé Céadaoin an 30 Deireadh Fómhair 2024.

Arna bhainistiú ag Music Network le tacaíocht ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Bunaíodh *Bailiúchán Náisiúnta Uirlisí Music Network* chun téaduirlisí ardchaighdeáin a chur ar fáil ar bhonn iasachta d'fhíorscoth na gceoltóirí óga clasaiceacha ar feadh tréimhse 3 bliana¹. Fáiltimid roimh iaratais ó veidhleadóirí, violadóirí agus dordveidhleadóirí ardleibhéil atá ag tabhairt faoina ngairm gairmiúla taibhithe nó atá ag luathchéimeanna a ngairme. Ní mór d'iaratasóirí acmhainneacht as cuimse a léiriú agus cuntas teiste maith a bheith acu mar thaibheoir aonair agus/nó i suíomhanna ceoil aireagail .

Is é atá i mBailiúchán Náisiúnta Uirlisí Music Network i láthair na huaire:

- Veidhlín: Gand et Bernardel Frères (1880)
- Veidhlín: Stephan von Baehr (2007)
- Veidhlín: Alexandre Valois (2024)
- Vióla: Charles John Wilkinson (1930)
- Dordveidhil & Bogha Uí Néill: Dordveidhil Conor Russell (2015), bogha Robert Pierce (2016)²

N.B. Féach aguisín le haghaidh faisnéis bhreise.

¹ I gcúinsí eisceachtúla, féadfar an tréimhse a fhadú go ceann bliana eile.

² a fuair Music Network a bhuíochas le flaitiúlacht deontóra phríobháidigh.



Ina theannta sin, tairgfear suas go €5,000 do cheoltóirí a mbronnfar úsáid ceann de na veidhlíní orthu chun cur i dtreo costais bogha nua. Má bhaineann dámhachtaithe leas as sin, is leo féin a bheidh an bogha agus coinneoidh siad é.

Cé is féidir iarratas a dhéanamh?

Veidhleadóirí, violadóirí agus dordveidhleadóirí clasaiceacha aonair 18 mbliana d'aois nó os a chionn sin atá:

- ina saoránach Éireannach nó ina gcónaí i bPoblacht na hÉireann³. Ní gá go mbeadh saoránaigh Éireannacha ina gcónaí in Éirinn d'fhonn iarratas a dhéanamh

agus

- sa bhliain dheireanach d'fhochéim nó d'iarchéim agus ar tí tabhairt faoi ghairm ghairmiúil taibhithe, nó a chríochnaigh a n-oideachas 3ú/4ú leibhéal laistigh de na trí bliana dheireanacha.

-

Tá Music Network tiomanta do chothromas agus ionchuimsiú agus fáiltíonn sé roimh iarratais ó dhaoine aonair laistigh de phobail atá éagsúil ó thaobh cultúir de agus ó dhaoine atá faoi mhíchumas. Spreagann Music Network ceoltóirí a bhfuil riachtanais rochtana nó tacaíochta acu ar mhaith leo iarratas a chur ar aghaidh teagmháil a dhéanamh linn a luaithe is féidir roimh an spriocdháta ionas gur féidir gach iarracht a dhéanamh freastal réasúnta a dhéanamh

An Próiseas Iarratais/Measúnaithe

Déan iarratas faoin 2pm Dé Céadaoin an 30 Deireadh Fómhair 2024. Ní ghlacfar le hiarratais dhéanacha.

³ Tá cónaitheacht bunaithe ar shainmhíniú na gCoimisineirí Ioncaim ar an téarma:

Tá tú cónaitheach chun críocha cánach in Éirinn má tá tú i láthair in Éirinn le haghaidh 183 lá nó níos mó sa bhliain chánach

*nó 290 lá nó níos mó san iomlán, ag tógáil na bliana cánach reatha móide an bhliain cánach roimhe sin le chéile. Ní bheidh tú cónaitheach in Éirinn má tá tú anseo ar feadh 30 lá nó níos lú i mbliain chánach. **N.B.** ní mór uimhir PSP bailí a bheith ag cónaitheoirí/saoránaigh Éireannacha. Téigh chuig www.revenue.ie chun breis faisnéise a fháil.*



Céim 1: ní mór d'iarratasóirí foirm iarratais ar líne a chur ar aghaidh, in éineacht le hábhair tacaíochta. **N.B.** ní bheidh d'iarratas incháilithe mura n-áirítear na hábhair tacaíochta go léir arna iarraidh ann.

Cuirfear na hiarratasóirí a chuirfear ar an ngearrliosta chun dul ar aghaidh chuig Céim 2 den phróiseas ar an eolas faoi sin ar ríomhphost faoin 21 Samhain 2024.

Céim 2: tabharfar cuireadh d'iarratasóirí gearrliostaithe chun freastal ar **agallamh ar líne** le painéal⁴ agus **trial cheoil ar an láthair** ina dhiaidh sin. Tar éis do na trialacha ceoil a bheith ar siúl, déanfaidh an painéal cinneadh maidir leis na hiarratasóirí a dtairgfear uirlis ó Bhailiúcháin Náisiúnta Uirlisí Music Network dóibh go ceann tréimhse 3 bliana.

Cuirfear **agallamh ar líne** ar siúl ar Zoom le linn sheachtain an 25 Samhain 2024, ina dtabharfar deis d'iarratasóirí gearrliostaithe achoimre a thabhairt ar a bpleananna gairme agus a n-uailmhianta don phainéal. Tá dáta agus amanna beachta na n-agallamh le deimhniú.

Cuirfear **trialacha ceoil ar an láthair** ar siúl sa Halla Ceadaile, Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Campas Ghráinseach Ghormáin, Déardaoin an 5 Nollaig 2024. Tá amanna beachta le deimhniú. Tabharfar cuireadh d'iarratasóirí roghnaithe clár 20 nóiméad a chur i láthair ar stáitse, a mbeidh a rogha píosaí mar chuid de.

Beidh tionlacaí pianó ar fáil le seinm le gach iarratasóir dá dtrial cheoil ar an láthair. Sa chás gur mhaith leis an iarratasóir seinm leis an tionlacaí seo, sannfar uair an chloig mar am cleachtaidh dóibh an lá roimh ré (beidh sé mar dhualgas an iarratasóra féin freastal ar an slotán cleachtaidh a shannfar). Mar mhalairt air sin, féadfaidh an t-iarratasóir a thionlacaí féin a thabhairt leis, ar a chostas féin.

N.B. Forchoimeádann Music Network an ceart gan uirlisí ó *Bhailiúcháin Náisiúnta Uirlisí Music Network* a bhronnadh sa chás nach measfadh an painéal líon leordhóthanach iarratasóirí a

⁴ Ar an bpainéal, beidh gairmithe a bhfuil taithe agus réimse saineolais ábhartha acu.



bheith oiriúnach. Beidh cinneadh an painéal críochnaitheach. Ní leor na critéir incháilitheachta a chomhlíonadh chun a ráthú go bhfaighfear uirlis. Dícháileofar iarratasóirí má dhéantar brústocaireacht ag pointe ar bith den phróiseas.

Treoir le hiarratas a dhéanamh

Ba cheart d'iarratasóirí dul chuig www.musicnetwork.ie agus a bpróifíl a shocrú ar thairseach na n-iarratas. Ansin, beidh an t-iarratasóir in ann an t-iarratas a chur i gcrích ina chéimeanna (an fhoirm a chomhlánú agus na hábhair tacaíochta a ullmhú agus a uaslódáil) le linn na tréimhse iarratais. Ní mór gach ábhar iarratas a bheith curtha ar aghaidh tríd an tairseach ar líne faoin **2pm, Dé Céadaoin an 30 Deireadh Fómhair 2024**. **N.B.** Ní ghlacfar le hiarratais dhéanacha.

Cén fhaisnéis a iarrfar ort a sholáthar?

1. Cur síos ar an uirlis a bhíonn á seinm agat i láthair na huair
2. Do Curriculum Vitae (2 leathanach ar a mhéad ina dtugtar cur síos ar oideachas/oiliúint ábhartha agus taithí taibhithe)
3. Sonraí de do thaithí taibhithe agus do chonair ghairme go dtí seo
4. Sonraí de thaibhithe atá ar na bacáin agus do phleananna do do ghairm amach anseo
5. Sonraí den bhealach, ag an bpointe seo de do ghairm, a dtacófar le forbairt do ghairme trí theacht a bheith agat ar uirlis nua
6. 3 taifeadadh⁵, nach mór ceann amháin acu ar a laghad a bheith ina bhfíseán agus nach mór ceol gan tionlacan a bheith i gceann acu. Is féidir taifeadtaí a roinnt mar naisc ghréasáin nó mar chomhaid mp3

⁵ **Nóta faoi thaifeadtaí:** cuir ar aghaidh taifeadtaí a rinneadh le déanaí agus atá éagsúil óna chéile ina dtugtar an léiriú is fearr ar do chumas taibhithe, mar aon le PDF nó doiciméad Word ina liostaítear na sonraí taifeadta (e.g. dáta agus suíomh an taifeadta, sonraí faoi na píosaí, ainm an taibheora / na dtaibheoirí, amanna tosaigh/stop na gcodanna ábhartha le héisteacht leo, etc.)

Is féidir taifeadtaí fuaime (i bhformáid .mp3) nó físeáin (i bhformáid .mov nó .mp4, suas go méid comhaid 80 MB) a uaslódáil go díreach chuig an bhfoirm iarratais. Mar mhalairt air sin, is féidir leat naisc chuig samplaí fuaime nó físe i ndoiciméad Word nó PDF a chur ar fáil, i dteannta sonraí taifeadtaí. Mura mbeidh fáil ar naisc le linn na tréimhse measúnaithe, ní bheifear in ann measúnú iomlán a dhéanamh ar d'iarratas, mar sin cinntigh go bhfuil fáil phoiblí ar do naisc/comhaid nó cuir pasfhocal ar fáil más gá.



7. 2 litir mholta ó mhúinteoirí/mheantóirí reatha nó ó iarmhúinteoirí/iarmheantóirí (ní mór sonraí teagmhála a áireamh, agus a dtoiliú chun teagmháil a dhéanamh leo).

N.B. Tá sé riachtanach na méid thuasluaite ar fad a chur ar fháil d'fhonn iarratas a bheith incháilithe.

Critéir Roghnúcháin:

Úsáidfeadh na critéir uile seo a leanas chun measúnú a dhéanamh ar gach iarratas:

- Cuntas teiste agus acmhainn léirithe i dtaibhiú ceoil (cuirfeadh taibhiú i dtimpeallachtaí gairmiúla agus neamhghairmiúla araon san áireamh) (50%)
- An tionchar a bheadh ag uirlis ón mBailiúchán a fháil ar phleananna gairme (20%)
- Gá léirithe don iasacht uirlise (20%)
- Fianaise⁶ ar ábaltacht deiseanna taibhithe gairmiúla in Éirinn agus/nó ar fud an domhain a fháil le linn thréimhse na hiasachta (10%)

N.B: Tá sé tábhachtach na critéir uile a bhreithniú go cúramach agus d'iarratas á ullmhú agat mar gur próiseas iomaíoch é seo agus go gcuirfeadh na ceithre cinn ar fad san áireamh le linn an phróisis measúnaithe.

Aiseolas:

Cuirfidh Music Network aiseolas ar fáil d'iarratasóirí nach n-éireoidh leo ó Chéim 1 agus ó Chéim 2 araon, arna iarraidh sin laistigh de 6 seachtain ó fhógra a fháil faoi na torthaí. Féadfaidh iarratasóirí iarratas a dhéanamh an athuair i mblianta amach anseo.

Fiosruithe ginearálta:

Déan teagmháil le Ciarán Kilbride (Riarthóir Oibríochtaí) operations@musicnetwork.ie nó cuir glaoch ar 01 475 0224.

⁶ **Céard is fianaise ann?** Sonraí ar thaibhithe roimhe seo i dtimpeallacht ghairmiúil (in Éirinn nó go hidirnáisiúnta) nó cuirí ó thionscnóirí ceolchoirme/féilte etc. agus/nó sonraí de thaibhithe atá ar na bacáin.



Iarratasóirí a n-éireoidh leo - coinníollacha na dámhachtana:

Glacann dámhachtaithe leis an méid seo a leanas:

- go gcoinneoidh siad saoránacht Éireann nó stádas cónaitheachta go ceann thréimhse na hiasachta, ach amháin má aontaíonn Music Network a mhalairt
- go ndéanfaidh siad taibhiú i gceolchoirm amháin ar a laghad in Éirinn do Music Network le linn thréimhse na hiasachta
- go ndéanfaidh siad a ndícheall taibhithe a dhéanamh in Éirinn go rialta le linn thréimhse na hiasachta
- go ndéanfaidh siad comhaontú ceadúnaithe le Music Network maidir le coinneáil, árachas, cúram, iniúchadh, cothabháil agus deisiú na huirlise
- go gcuirfidh siad dhá mheastachán ar aghaidh ó dhéantóirí ar leith, sa chás go nglacfaidís leis an ranníocaíochta airgeadais €5,000 i dtreo costais bogha nua (baineann sé seo le dámhachtaithe don veidhlín agus víola amháin)
- go gcuirfidh siad tuarascálacha bliantúla ar fáil do Music Network maidir le húsáid na huirlise ar feadh thréimhse na hiasachta
- go ndéanfaidh siad tacaíocht Music Network agus na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán a admháil in ábhair beathaisnéise le linn thréimhse na hiasachta
- go gcuirfidh siad Music Network ar an eolas láithreach sa chás go bhfuil sé beartaithe acu gan an uirlis arna bronnadh a sheinm go poiblí a thuilleadh, ar fáth ar bith, le linn thréimhse na hiasachta. Sa chás sin, tabharfar an uirlis ar ais do Music Network láithreach
- go mbeidh siad faoi cheangal choinníollacha na dámhachtana seo. I gcás athrú ar chúinsí gan choinne, a mbeadh neamhábaltacht coinníollacha na dámhachtana a chomhlíonadh mar thoradh air, tabharfaidh an dámhachtaí an uirlis ar ais do Music Network láithreach.

Bailiúchán Náisiúnta Uirlisí Music Network

Scéim Caipitil Ceoil 2024 - Dámhachtain 4

AGUISÍN

- 1.Veidhlín: Gand & Bernardel Frères (1880)
- 2.Veidhlín: Stephan von Baehr (2007)
- 3.Veidhlín: Alexandre Valois (2024)
- 4.Vióla Charles John Wilkinson (1930)
- 5.Dordveidhil & Bogha Uí Néill: Dordveidhil
Conor Russell (2015), bogha Robert Pierce
(2016)

Veidhlín: Gand & Bernardel Frères (1880)

Seanuirlis bhreá Francadh, a rinne Gand agus Bernadel Frères i bPáras. Tá branda bunaidh na ndéantóirí agus an lipéad bunaidh ón mbliain 1880 air. Is sárshampla sainiúil d'obair na ndéantóirí é an veidhlín seo.

35.7cm atá i bhfad na colainne, agus 16.5cm iomlán agus 20.7cm atá ina leithid.



music capital scheme

Veidhlín: Stephan von Baehr (2007)

Seanuirilis bhreá Francadh, a rinne Stephan von Baehr i bPáras. Rinneadh thart ar an mbliain 2007 é. Is sampla breá sainiúil d'obair an dhéantóra é an veidhlín seo, a rinneadh i stíl Guarneri del Gesù.

35.2cm atá i bhfad na colainne, agus 16.6cm agus 20.6cm atá ina leithid.



music capital scheme

Veidhlín: Alexandre Valois (2024)

Tá an uirlis seo bunaithe ar mhúnla déanach “del gesu” le Guarneri agus cuireadh vearnais uirthi i stíl Sheanscoile Turin.

352mm atá i bhfad na droma, 167mm atá sa bhabhta uachtarach agus 206mm atá sa bhabhta íochtarach.



music capital scheme

Vióla: Charles John Wilkinson (1930)

Is féidir Charles John Wilkinson a mheas mar dhuine de na déantóirí veidhlíní is fearr as Sasana tar éis an Chéad Chogadh Domhanda. Is cóip é an vióla seo de viólaí Scoil Milano thart ar na blianta 1680/1700, agus is sárshampla é seo den obair is fearr a rinne sé. Is leadhb adhmaid aon pháosa breá é an droim a rinne Wilkinson féin deisiúcháin bhunaidh air chun cuma ‘sheanda’ a chur uirthi.

Is é 42cm fad na droma (Babhta uachtarach 19.2, meánbhabhta 13.4, babhta íoctarach 24.3)



Dordveidhil & Bogha Uí Néill:

Dordveidhil Conor Russell (2015) & bogha Robert Pierce (2016)

Rinne Conor Russell an dordveidhil seo ina cheardlann i gCill Mhantáin. Munlaíodh é i stíl dordveidhle le Giovanni Grancino in Milano. Rinneadh an droim, na taobhanna agus an scrolla as poibleog ón Lombaird, agus rinneadh an t-éadan as sprús ó Alpa na hIodáile.

Bogha amháin dordveidhle a bhfuil ór agus éabann air, a bhfuil Robt PIERCE stampáilte air.

Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le operations@musicnetwork.ie

